




Eleathanach 365

Dé Luain, an 9 Samhain 2020



MacKenzie, an sí-abhabha laochúil



Laoch na madraí 2020!

Is madraí an-bheag iad na sí-abhabhaí, ach léiríonn an scéal seo go mbíonn tionchar ag rudaí beaga freisin! Seo scéal faoi MacKenzie, an sí-abhabha.

Nuair a rugadh MacKenzie bhí sí an-bheag, agus fiú anois, níl sí ach ceithre phunt meáchain. Bhí cabhair uathi chun bia a ithe, ach bhí obráid aici agus ansin bhí sí in ann bia a ithe léi féin.

Le seacht mbliana anuas tá MacKenzie ag tabhairt cúram d'ainmhithe óga eile le riachtanais leighis.

An mhí seo caite, bhuaigh MacKenzie an comórtas *American Humane Hero Dog Award*. Chaith níos mó ná milliún duine ó phobal Mheiriceá vóta. Bhí painéal de dhaoine cáiliúla agus saineolaithe madraí ann freisin.

D'fhógair an láithreoir go raibh MacKenzie roghnaithe mar laoch na madraí!

Manchester United: Roy Keane an-dian orthu ina anailís

Is club sacair an-cháiliúil é *Manchester United* agus tá siad tar éis níos mó trófaithe a bhuachán ná aon chlub eile i Sasana. Faoi láthair tá siad sa 15ú háit sa phríomhshraith.

Tá tuairimí sách difriúil ag captaen *Manchester United*, Harry Maguire agus ag an anailísí Roy Keane faoin bhfoireann. Is iar-chaptaen é Roy Keane ar fhoireann *Manchester United*.

Nuair a bhí Roy ag labhairt faoin bhfoireann ar an teilifís le déanaí, dúirt sé nach bhfaca sé ceannairí ar bith ag imirt leis an bhfoireann.

Ní aontaíonn an captaen Harry Maguire le hanailís Keane agus deir sé go bhfuil neart ceannairí ag imirt leis an bhfoireann. Má tá siad chun trófaí a bhuachan beidh ar na ceannairí sin bheith láidir.



Bhí áthas orthu nuair a thuig siad nár bhuama é!



Bhí litreacha agus pictiúir sa taisceadán.

Taisceadán todhchaí ar chósta Dhún na nGall

Bhí Sophie Curran agus Conor McClory ag surfáil in aice le Cnoc Fola i nDún na nGall. Chonaic siad rud éigin sna carraigeacha agus ar dtús cheap siad go raibh siad ag féachaint ar bhuama!

Bhí scríbhneoireacht ar an "mbuama" agus rinne siad aistriúchán air. Ansin bhí a fhios acu gur taisceadán todhchaí é. Cuireann daoine ábhar i dtaisceadán todhchaí chun go mbeidh eolas faoin stair ag daoine amach anseo.

Bhí pictiúir, litreacha agus rudaí eile sa taisceadán seo, ach ní raibh sé chomh stairiúil sin. Chuir grúpa sa Rúis an taisceadán san fharrage reoite san Artach in 2018 agus bhí ionadh an domhain orthu nuair a chuala siad go raibh sé aimsithe cheana féin.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhà Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

